2025/1952

3.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1952 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2025

maidir le bearta chun bunú agus leathadh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) laistigh de chríoch an Aontais a chosc agus chun an lotnaid sin a dhíothú agus a shrianadh laistigh de limistéir chríochaithe áirithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) laistigh den Aontas.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([3]), i gCuid B d'Iarscríbhinn II, leagtar síos an liosta lotnaidí coraintín de chuid an Aontais is eol a bheith ann i gcríoch an Aontais.

(3) Liostaítear an lotnaid shonraithe sa liosta i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, mar lotnaid arb eol í a bheith gcodanna áirithe de chríoch an Aontais. Is lotnaid pholafagach í a thuairiscítear go bhfuil tionchar aici ar roinnt mhaith speiceas éagsúil plandaí i gcríoch an Aontais.

(4) Liostaítear an lotnaid shonraithe mar lotnaid tosaíochta freisin san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún ([4]).

(5) Ba cheart suirbhéanna a dhéanamh ar phlandaí ar óstaigh iad den lotnaid shonraithe ('plandaí óstacha') chun a áirithiú go mbraithfear an lotnaid shonraithe a luaithe is féidir.

(6) D'fhéadfaí roinnt plandaí óstacha a úsáid chun an lotnaid shonraithe a mhealladh agus ar an gcaoi sin teorainn a chur lena láithreacht i gcás ina n-aimsítear í. I ndáil leis sin, ba cheart tagairt dóibh mar 'plandaí táscacha'.

(7) Plandaí óstacha, a bhfuarthas amach cheana go bhfuil siad inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe i gcríoch an Aontais, is dócha go rannchuideoidh siad lena leathadh. I ndáil leis sin, ba cheart tagairt dóibh mar 'plandaí sonraithe'. Thairis sin, ba cheart iad a bheith faoi réir bearta áirithe chun iad a dhíothú nó a shrianadh, de réir mar is infheidhme, sna limistéir chríochaithe.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2015 maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) laistigh den Aontas (IO L 146, 11.6.2015, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/893/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta na lotnaidí tosaíochta a bhunú, (IO L 260, 11.10.2019, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1702/oj).

(8) Chun luathbhrath agus díothú na lotnaide sonraithe a áirithiú i gcríoch an Aontais, i gcás nach eol gurb ann don lotnaid shonraithe, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna bliantúla a dhéanamh. Ba cheart na plandaí óstacha uile a chumhdach le suirbhéanna den sórt sin, chun a bheith chomh héifeachtach agus ab fhéidir. Ba cheart go mbeidh na suirbhéanna sin bunaithe ar threoirlínte ginearálta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca ([5]).

(9) Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór do gach Ballstát plean teagmhasach a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta le haghaidh gach ceann de na lotnaidí tosaíochta a d'fhéadfadh teacht isteach agus a bheith bunaithe ina chríoch. Ar bhonn na taithí ó ráigeanna roimhe seo, is gá rialacha sonracha a ghlacadh lena gcuirtear Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/2031 chun feidhme chun plean teagmhais cuimsitheach a tharraingt suas i gcás ina mbraitear an lotnaid shonraithe san Aontas.

(10) Chun leathadh na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais a chosc agus aird á tabhairt ar a hacmhainneacht leata, ba cheart go mbeidh criosanna maolánaigh 2 km ar leithead ar a laghad ann thar theorainneacha an chreasa inmhíolaithe.

(11) Chun a áirithiú go gcuirfear bearta díothaithe i bhfeidhm láithreach agus chun leathadh breise na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais a chosc, is gá rialacha a leagan amach maidir le suirbhéanna bliantúla ar na limistéir chríochaithe. Ba cheart na rialacha sin a bheith bunaithe ar threoirlínte ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca chun oiriúnú don fhianaise eolaíoch agus theicniúil is nuashonraithe.

(12) Chun freagairt chomhréireach a áirithiú ar an riosca físeashláintíochta faoi seach ón lotnaid shonraithe, is gá rialacha a leagan amach maidir le méid na limistéar críochaithe a laghdú, maoluithe ar a mbunú agus a ndíothú. Ba cheart coinníollacha sonracha a leagan amach chun na rialacha sin a chur i bhfeidhm, chun a áirithiú nach leathfaidh an lotnaid shonraithe go dtí an chuid eile de chríoch an Aontais.

(13) I gcásanna aonair ina n-aimsítear an lotnaid shonraithe i gcríoch an Aontais, níor cheart é a bheith riachtanach limistéar críochaithe a bhunú más féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú i ndáil leis na plandaí lena mbaineann, agus má tá fianaise ann gur inmhíolaíodh na plandaí sin sular tugadh isteach sa limistéar iad, nó gur cás nithiúil a aimsíodh, nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid dá bharr. Is é sin an cur chuige is comhréirí, a fhad is a dheimhníonn na suirbhéanna a dhéantar sa limistéar lena mbaineann nach ann don lotnaid shonraithe. Mar sin féin, i gcásanna an-sonrach inar féidir teacht chun cinn agus láithreacht na lotnaide sonraithe san Aontas a eisiamh go cinnte agus ina meastar go bhfuil riosca diomaibhseach ann go dtarlódh sé sin, níl údar leis an bhfaireachas sin agus, dá bhrí sin, níor cheart ceangal a bheith ann é a dhéanamh.

(14) I limistéir áirithe de chríoch an Aontais, ní féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit lena mbaineann bearta a chur i bhfeidhm chun an lotnaid sin a imshrianadh laistigh de na limistéir sin, seachas iad a dhíothú.

(15) Níor cheart na bearta sna limistéir chríochaithe a bheith chomh dian céanna leis na bearta díothaithe, ach ba cheart cur chuige suirbhé dícheallach a áirithiú leo mar aon le gníomhaíochtaí réamhchúraim, go príomha sna criosanna maolánacha faoi seach, chun leathadh na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais a chosc.

(16) Agus é á chur san áireamh nach bhfuil na bearta a bhaineann leis na limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh chomh dian céanna, ba cheart leithead an chreasa mhaolánaigh a mhéadú go 4 km ar a laghad chun a áirithiú nach leathfaidh an lotnaid shonraithe lasmuigh de na limistéir chríochaithe sin.

(17) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le gach limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh a bhfuil sé beartaithe acu é a ainmniú nó a mhodhnú, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún forléargas a fháil ar leathadh na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais, agus ionas go mbeidh sé ann an limistéar sin a áireamh i liosta de limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

([5]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), Treoirlínte ginearálta maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca, 8 Meán Fómhair 2020; doi:10.2903/sp.efsa.2020.EN-1919.

(18) Chun a áirithiú go mbainfear láithreach na plandaí inmhíolaithe agus go gcuirfear cosc ar leathadh breise na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais, ba cheart na suirbhéanna ar na criosanna maolánacha a dhéanamh go bliantúil ag an tráth is iomchuí den bhliain agus ba cheart iad a dhéanamh le déine leordhóthanach, ag cur san áireamh go bhféadfadh na húdaráis inniúla faireachán breise a dhéanamh ar na plandaí óstacha sna criosanna inmhíolaithe le haghaidh imshrianadh.

(19) Chun leathadh féideartha na lotnaide sonraithe lasmuigh de limistéir chríochaithe a chosc, ba cheart déine na suirbhéanna bliantúla timpeall na láithreacha táirgthe sna limistéir chríochaithe a bheith níos déine ná sa chuid eile de na limistéir sin.

(20) Na bearta atá i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893 maidir leis na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ngluaiseacht laistigh di, áirítear iad in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, agus tugtar bearta an Rialacháin seo maidir le suirbhéanna, díothú agus imshrianadh na lotnaide sonraithe cothrom le dáta agus cuirtear bearta an Rialacháin seo ina n-ionad.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.

(22) Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le suirbhéanna ar bhonn Chárta Suirbhé Lotnaidí an Údaráis ar *Anoplophora glabripennis* ([6]) ('cárta suirbhé lotnaidí') agus treoirlínte ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca ón 1 Eanáir 2027, chun am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis inniúla acmhainní leordhóthanacha a phleanáil, a ullmhú agus a leithdháileadh le haghaidh suirbhéanna den sórt sin.

(23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo bearta chun cosc a chur le bunú agus leathadh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) i gcríoch an Aontais, bearta maidir lena dhíothú má aimsítear é sa chríoch sin, agus bearta maidir lena imshrianadh mura féidir é a dhíothú a thuilleadh.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "lotnaid shonraithe" *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky);

(2) ciallaíonn 'plandaí sonraithe' plandaí le haghaidh plandú ag a bhfuil trastomhas an ghais nó trastomhas choiléar na bhfréamhacha 1 cm nó níos mó ag an bpointe is tibhe acu, de *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp., agus *Ulmus* spp.;

([6]) EFSA 2019. Léarscáil staire maidir leis an suirbhé ar *Anoplophora glabripennis* [*Story map for survey of Anoplophora glabripennis*]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;16(12):EN-1750. Le fáil ar líne: https://efsa.maps.arcgis.com/. An nuashonrú is nuaí: an 29 Bealtaine 2021.

(3) ciallaíonn 'plandaí óstacha' plandaí le haghaidh plandú ag a bhfuil trastomhas an ghais nó trastomhas choiléar na bhfréamhacha 1 cm nó níos mó ag an bpointe is tibhe acu, de *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Albizia* spp., *Alnus* spp., *Betula* spp., *Carpinus* spp., *Celtis* spp., *Cercidiphyllum* spp., *Corylus* spp., *Elaeagnus* spp., *Fagus* spp., *Fraxinus* spp., *Gleditsia* spp., *Hibiscus* spp., *Koelreuteria* spp., *Malus* spp., *Melia* spp., *Morus* spp., *Platanus* spp., *Populus* spp., *Prunus* spp., *Pyrus* spp., *Ostrya* spp., *Quercus rubra, Robinia* spp., *Salix* spp., *Sophora* spp., *Sorbus* spp., *Tilia* spp. agus *Ulmus* spp.;

(4) ciallíonn 'adhmad agus ábhar pacáistíochta adhmaid sonraithe' admhad agus ábhar pacáistíocht adhmaid de *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Betula* spp., *Fraxinus* spp., *Populus* spp., *Salix* spp. agus *Ulmus* spp.;

(5) ciallaíonn 'plandaí táscacha' plandaí sonraithe atá plandaithe go sonrach chun tacú le luathbhrath na lotnaide sonraithe agus a úsáidtear chun suirbhéanna a dhéanamh;

(6) ciallaíonn 'limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh' limistéar nach féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú ann agus a liostaítear in Iarscríbhinn I.

CAIBIDIL II

SUIRBHÉANNA BLIANTÚLA AR AN LOTNAID SHONRAITHE LASMUIGH DE LIMISTÉIR CHRÍOCHAITHE I gCRÍOCH AN AONTAIS AGUS PLEANANNA TEAGMHASACHA

Airteagal 3

Suirbhéanna ar chríoch an Aontais lasmuigh de limistéir chríochnaithe

1. Déanfaidh údaráis inniúla suirbhéanna rioscabhunaithe bliantúla ar na plandaí óstacha i limistéir a gcríoch nach eol go bhfuil an lotnaid shonraithe ann chun a fháil amach an ann don lotnaid sin.

2. Le scéim deartha agus samplála na suirbhéanna sin, beifear in ann leibhéal íseal láithreachta plandaí inmhíolaithe a bhrath laistigh den Bhallstát lena mbaineann le leibhéal leordhóthanach muiníne.

Beidh na suirbhéanna bunaithe ar Threoirlínte Ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca.

3. Déanfar na suirbhéanna:

(a) trí úsáid a bhaint as teicnící lenar féidir inmhíolú a bhrath ar airde na coróine;

(b) i limistéir faoin aer, i limistéir nádúrtha agus uirbeacha, ag stopanna feadh na mbóithre agus na n-iarnród, agus i bplandlanna, ionaid gharraíodóireachta, ionaid trádála, muilte sábhadóireachta crua-adhmaid, agus láithreáin ábhartha eile, ina bhféadfadh na húdaráis inniúla a mheas gur dóchúla go mbraithfeadh siad an lotnaid shonraithe;

(c) agus láithreacht agus bitheolaíocht plandaí óstacha, agus an fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil dá dtagraítear sa chárta suirbhé lotnaidí á gcur san áireamh.

4. Is éard a bheidh sna suirbhéanna:

(a) scrúdú amhairc ar phlandaí óstacha; agus

(b) i gcás inarb iomchuí, samplaí a bhailiú agus plandaí le haghaidh plandú ábhar pacáistíochta adhmaid a thástáil.

D'fhonn scrúduithe amhairc a chomhlánú, féadfar madraí bolaíochta atá oilte go sonrach nó gaistiú a úsáid, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 4

Pleananna teagmhais

Déanfaidh gach Ballstát foráil maidir leis an méid seo a leanas ina phlean teagmhasach a cheanglaítear faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/2031:

(a) an lotnaid shonraithe a dhíothú, mar a leagtar amach in Airteagal 9;

(b) na hacmhainní is gá atá le cur ar fáil agus na nósanna imeachta chun na hacmhainní sin a chur ar fáil i gcás ina ndeimhneofar go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair nó i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil sí i láthair;

(c) na forálacha maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas speisialta i ndáil le plandaí óstacha a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ngluaiseacht laistigh di, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072;

(d) na nósanna imeachta chun úinéirí maoine príobháidí a shainaithint, ar maoine iad ina gcaithfear bearta a chur i bhfeidhm i gcás ina mbraitear an lotnaid shonraithe.

Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna teagmhasacha a thabhairt cothrom le dáta gach bliain, de réir mar is iomchuí.

CAIBIDIL III

LIMISTÉIR CHRÍOCHAITHE

Airteagal 5

Limistéir chríochaithe a bhunú

1. I gcás ina ndeimhnítear láithreacht na lotnaide sonraithe go hoifigiúil, bunóidh an Ballstát lena mbaineann limistéar críochaithe gan mhoill chun críche an lotnaid shonraithe a dhíothú.

2. Tar éis deimhniú oifigiúil a fháil maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe agus bunú an limistéir chríochaithe dá dtagraítear i mír 1, cinnfidh na húdaráis inniúla, gan mhoill, leibhéal an inmhíolaithe trí shuirbhé teorannaithe.

3. Nuair a thagtar ar an gconclúid, bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé dá dtagraítear in Airteagal 8, ar feadh ceithre bliana as a chéile ar a laghad, gur amhlaidh, de bharr leibhéal an inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe, nach féidir í a dhíothú, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra láithreach don Choimisiún faoi mhionsonraí an limistéir chríochaithe nua le haghaidh imshrianadh a bhfuil sé beartaithe acu a ainmniú nó a mhodhnú, chun go n-áireofar limistéar den sórt sin sa liosta de limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh in Iarscríbhinn I.

4. Is é a bheidh sna limistéir chríochnaithe na nithe seo a leanas:

(a) crios ina bhfuil na plandaí inmhíolaithe agus na plandaí sonraithe uile a d'fhéadfadh a bheith inmhíolaithe laistigh de gha 100 m timpeall ar phlandaí inmhíolaithe ('crios inmhíolaithe');

(b) crios maolánach:

(i) atá 2 km ar a laghad ar leithead thar theorainn an chreasa inmhíolaithe i gcás limistéar críochaithe chun an lotnaid shonraithe a dhíothú;

(ii) atá 4 km ar a laghad ar leithead thar theorainn an chreasa inmhíolaithe i gcás limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh.

5. I dteorannú an limistéir chríochaithe cuirfear san áireamh na prionsabail eolaíocha, bitheolaíocht na lotnaide sonraithe, leibhéal an inmhíolaithe, dáileadh sonrach na bplandaí óstacha sa limistéar lena mbaineann agus an fhianaise maidir le bunú na lotnaide sonraithe ann.

Beidh sé bunaithe ar shuirbhé teorannaithe le dearadh agus scéim samplála lenar féidir láithreacht plandaí inmhíolaithe a bhrath le leibhéal muiníne 95 %, leibhéal láithreachta 1 % den lotnaid shonraithe. Beidh an suirbhé bunaithe ar Threoirlínte an Údaráis do shuirbhéanna maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca.

6. Chun bearta díothaithe dá dtagraítear in Airteagal 9 a dhéanamh, féadfar leithead an chreasa mhaolánaigh a laghdú go leithead nach lú ná 1 km i gcás ina measann an t-údarás inniúil gur féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú, agus cúinsí na ráige á gcur san áireamh, amhail a méid agus a suíomh, leibhéal an inmhíolaithe nó líon agus dáileadh na bplandaí óstacha.

I gcás limistéar críochnaithe le haghaidh imshrianadh, féadfar leithead an chreasa mhaolánaigh a laghdú go leithead nach lú ná 2 km i gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil an t-achar sin oiriúnach chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh, agus cúinsí na ráige á gcur san áireamh, amhail a méid agus a suíomh, leibhéal an inmhíolaithe nó líon agus dáileadh na bplandaí óstacha.

Laistigh de na limistéir chríochaithe, áiritheoidh na húdaráis inniúla go mbeidh an pobal i gcoitinne agus oibreoirí gairmiúla ar an eolas faoi theorannú na limistéar críochaithe.

Airteagal 6

Maoluithe ar bhunú limistéar críochaithe

1. De mhaolú ar Airteagal 5, féadfaidh na húdaráis inniúla rogha a dhéanamh gan limistéar críochaithe a bhunú, nó limistéar críochnaithe a bhunú go sealadach, má chomhlíontar na tá fianaise ann:

(a) gur tugadh an lotnaid shonraithe isteach sa limistéar leis na plandaí, leis an adhmad nó leis an ábhar pacáistíochta adhmaid ar a bhfuarthas í, agus go raibh na plandaí, adhmad nó ábhar pacáistíochta adhmaid sin inmhíolaithe sular tugadh isteach sa limistéar lena mbaineann iad agus nár iolraigh an lotnaid shonraithe nó gur cás aonair é, nach bhfuil coinne leis go mbunófar í; agus

(b) nach bhfuil an lotnaid shonraithe bunaithe agus nach féidir an lotnaid shonraithe a leathadh nó a phórú ar bhealach rathúil mar gheall ar a bitheolaíocht, ar bhonn torthaí imscrúdaithe shonraigh agus ar bhonn bearta díothaithe a rinneadh.

2. I gcás ina n-úsáideann an t-údarás inniúil an maolú dá bhforáiltear i mír 1, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) bearta chun díothú pras na lotnaide sonraithe a áirithiú agus chun an fhéidearthacht go leathfadh sí a chosc;

(b) le linn saolré amháin ar a laghad den lotnaid shonraithe móide bliain bhreise amháin, agus nach lú ná ceithre bliana as a chéile, déanfaidh sé faireachán ar leithead 1 km ar a laghad timpeall ar na plandaí inmhíolaithe nó ar an áit inar aimsíodh an lotnaid shonraithe, go rialta agus go dian, i gcomhréir le hAirteagal 3, le linn chéad tréimhse eitilte na lotnaide sonraithe ar a laghad;

(c) tionscnamh an inmhíolaithe a rianú siar, agus scrúdú á dhéanamh ar na plandaí sonraithe, ar adhmad sonraithe nó ar ábhar pacáistíochta adhmaid le haghaidh aon chomhartha inmhíolaithe, lena n-áirítear trí shampláil scriosach spriocdhírithe, chun fáil réidh le larbhaí;

(d) feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis an mbagairt a bhaineann leis an lotnaid shonraithe; agus

(e) aon bheart eile a dhéanamh a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, agus aird á tabhairt ar CIBF Uimh. 9 ([7]) agus cur chuige comhtháite á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CIBF Uimh. 14 ([8]).

Ní bheidh gá leis an suirbhé dá dtagraítear i bpointe 2(b) i gcásanna inar féidir láithreacht nó teacht chun cinn aosaigh na lotnaide sonraithe sa phlanda óstach, adhmad sonraithe nó ábhar pacáistíochta adhmaid sonraithe a eisiamh go haonchiallach agus gur cuireadh na cúiseanna leis an gconclúid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn.

([7]) *Guidelines for pest eradication programmes* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 9 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh.

([8]) *The use of integrated measures in a systems approach for pest risk management* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 14 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh.

Airteagal 7

Deireadh a chur leis an limistéar críochaithe

1. Féadfar deireadh a chur le limistéar críochaithe nuair nach mbraitear an lotnaid shonraithe sa limistéar críochaithe ar feadh ceithre bliana as a chéile ar a laghad, ar bhonn na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 8.

2. Féadfar deireadh a chur leis an gcríochú freisin i gcásanna ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(1).

Airteagal 8

Suirbhéanna bliantúla i limistéir chríochaithe

1. Sna limistéir chríochaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla diansuirbhéanna bliantúla ar na plandaí óstacha, dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, chun láithreacht na lotnaide sonraithe a bhrath agus an fhaisnéis dá dtagraítear sa chárta suirbhé lotnaidí á cur san áireamh agus i gcomhréir le míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.

2. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an t-údarás inniúil sampláil scriosach spriocdhírithe.

3. I gcásanna ina n-úsáidtear plandaí táscacha, beidh na plandaí sonraithe sin faoi réir cigireachtaí uair sa mhí ar a laghad. Déanfar na plandaí sin a scriosadh agus déanfar imscrúdú orthu, ar a dhéanaí, sula mbeidh an lotnaid shonraithe in ann saolré iomlán amháin a chur i gcrích sa limistéar de réir mar a chinnfidh an t-údarás inniúil lena mbaineann.

4. Beidh dearadh an tsuirbhé bunaithe ar Threoirlínte Ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca. An dearadh suirbhé agus scéim samplála a úsáidtear le haghaidh suirbhéanna braite lena bhféadfar láithreacht 1 % den lotnaid shonraithe a shainaithint le leibhéal muiníne 95 % ar a laghad.

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil suirbhéanna bliantúla ag amanna iomchuí chun an lotnaid shonraithe a aimsiú trí chigireachtaí a dhéanamh ar phlandaí óstacha, laistigh de leithead 1 km ar a laghad ó shaoráid ina ndéantar cóireáil nó próiseáil ar adhmad sonraithe agus ar ábhar pacáistíochta adhmaid agus coirt.

CAIBIDIL IV

BEARTA DÍOTHAITHE AGUS IMSHRIANTA

Airteagal 9

Bearta díothaithe

1. Chun an lotnaid shonraithe a dhíothú, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta seo a leanas sna limistéir chríochaithe:

(a) plandaí inmhíolaithe agus plandaí a bhfuil siomptóim orthu arb í an lotnaid shonraithe is cúis leo a leagan láithreach, agus a bhfréamhacha a bhaint go hiomlán má fheictear gailearaithe larbhaí faoi bhun choiléar na bhfréamhacha ar an bplanda inmhíolaithe; i gcásanna inar aimsíodh na plandaí inmhíolaithe lasmuigh de thréimhse eitilte na lotnaide sonraithe, déanfar iad a leagan agus a bhaint roimh thús na chéad tréimhse eitilte eile;

(b) na plandaí sonraithe uile a leagan laistigh de gha 100 m ar a laghad timpeall ar phlandaí inmhíolaithe agus scrúdú a dhéanamh ar na plandaí sonraithe sin le haghaidh aon chomharthaí inmhíolaithe;

(c) plandaí a leagadh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt go sábháilte, agus gach réamhchúram is gá a dhéanamh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint le linn an leagain agus dá éis;

(d) an t-adhmad, an choirt agus an t-ábhar pacáistíochta adhmaid a bhaineann leis an inmhíolú a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt go sábháilte, agus gach réamhchúram is gá a ghlacadh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint;

(e) toirmeasc a chur ar aon ghluaiseacht plandaí sonraithe, adhmaid shonraithe agus ábhair pacáistíochta adhmaid a d'fhéadfadh a bheith inmhíolaithe amach as an limistéar críochaithe;

(f) imscrúdú ar thionscnamh an inmhíolaithe trí na plandaí, adhmad, coirt agus réada eile a bhaineann leis an inmhíolú a rianú, agus scrúdú a dhéanamh orthu sin le haghaidh aon chomhartha inmhíolaithe, lena n-áirítear sampláil scriosach spriocdhírithe;

(g) speicis plandaí neamh-shoghabhálacha eile a chur in ionad plandaí sonraithe, i gcás inarb iomchuí;

(h) toirmeasc a chur ar láithreacht plandaí sonraithe nua a chur amuigh faoin aer laistigh den limistéar dá dtagraítear i bpointe (b), seachas láithreacha táirgthe dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII, pointe 17.2 de Rialachán (AE) 2019/2072 agus plandaí táscacha;

(i) feasacht an phobail a mhúscailt maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta díothaithe a leagtar amach san Airteagal seo, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le gluaiseacht plandaí sonraithe ón limistéar críochaithe;

(j) i gcás inar gá, bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar aon sainiúlacht nó castacht a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go gcuirfeadh sé cosc, bac nó moill ar dhíothú, go háirithe na bearta sin a bhaineann le hinrochtaineacht agus díothú leordhóthanach na bplandaí uile atá inmhíolaithe nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhíolaithe, gan beann ar a suíomh, ar úinéireacht phoiblí nó phríobháideach ná ar an duine ná ar an eintiteas atá freagrach astu;

(k) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta ('CIBF') Uimh. 9 ([9]) agus le cur chuige córas a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CIBF Uimh. 14 ([10]).

I gcás na chéad fhomhíre, pointe (a), nuair nach féidir stumpaí agus fréamhacha dromchla atá fréamhaithe go domhain a bhaint, cuirfear sa talamh iad go pointe 40 cm ar a laghad faoi bhun leibhéal an dromchla, nó déanfar iad a chumhdach le hábhar feithid-díonach.

2. Na suirbhéanna bliantúla oifigiúla laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall ar na láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointe 17.2 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, beidh siad bunaithe ar Threoirlínte Ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal 99 % muiníne ar a laghad.

3. I gcás gluaiseacht adhmaid shonraithe agus ábhair pacáistíochta adhmaid agus coirte lasmuigh den limistéar críochaithe agus mura bhfuil aon saoráidí cóireála nó próiseála ar fáil laistigh den limistéar críochaithe, aistreofar an t-adhmad sonraithe agus an t-ábhar pacáistíochta adhmaid agus an choirt go dtí an tsaoráid oiriúnach is gaire lasmuigh den limistéar críochaithe, chun cóireáil nó próiseáil láithreach a áirithiú i gcomhréir le pointí 30-32 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Déanfar an ghluaiseacht sin faoi rialú oifigiúil agus faoi choinníollacha dúnta, ar bhealach lena n-áiritheofar nach féidir leis an lotnaid shonraithe leathadh.

Déanfaidh an comhlacht freagrach oifigiúil suirbhéanna bliantúla ag amanna iomchuí chun an lotnaid shonraithe a aimsiú trí chigireachtaí a dhéanamh ar phlandaí óstacha, laistigh de leithead 1 km ar a laghad ón saoráid próiseála nó cóireála.

4. De mhaolú ar mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), i gcás ina dtagann údarás inniúil ar an gconclúid nach bhfuil an leagan iomchuí do líon teoranta plandaí aonair, mar gheall ar an luach sóisialta, cultúrtha nó comhshaoil ar leith atá acu, beidh na plandaí aonair sin faoi réir scrúdú aonair míosúil i leith aon chomhartha inmhíolaithe agus i leith bearta malartacha ar leagan lena n-áiritheofaí ardleibhéal cosanta chun cosc a chur ar leathadh féideartha na lotnaide sonraithe ó na plandaí sin.

([9]) *Guidelines for pest eradication programmes* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 9 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh. Arna bhfoilsiú an 15 Nollaig 2011.

([10]) *The use of integrated measures in a systems approach for pest risk management* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 14 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh. Arna fhoilsiú an 8 Eanáir 2014.

Airteagal 10

Bearta imshrianta

1. I gcriosanna inmhíolaithe na limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta uile seo a leanas:

(a) plandaí inmhíolaithe agus plandaí a bhfuil siomptóim orthu arb í an lotnaid shonraithe is cúis leo a leagan, agus a bhfréamhacha a bhaint go hiomlán má fheictear gailearaithe larbhaí faoi bhun choiléar na bhfréamhacha ar an bplanda inmhíolaithe;

(b) plandaí a leagadh i gcomhréir le pointe (a) a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt go sábháilte, agus na réamhchúraim is gá á ndéanamh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint le linn an leagain agus dá éis;

(c) toirmeasc a chur ar aon ghluaiseacht plandaí sonraithe, adhmaid shonraithe agus ábhair pacáistíochta adhmaid a d'fhéadfadh a bheith inmhíolaithe amach as an limistéar críochaithe;

(d) i gcás inarb iomchuí, plandaí neamh-shoghabhálacha eile a chur in ionad plandaí sonraithe;

(e) toirmeasc a chur ar phlandaí sonraithe nua a bheith faoin aer sa chrios inmhíolaithe, seachas láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointe 17.2 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus plandaí táscacha a chur;

(f) feasacht an phobail a mhúscailt maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta imshrianta a leagtar amach san Airteagal seo, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le gluaiseacht plandaí sonraithe ón limistéar críochaithe i gcomhréir le hAirteagal 5;

(g) i gcás inar gá, bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar aon cheist nó castacht a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go gcuirfeadh sé cosc, bac nó moill ar imshrianadh, go háirithe na bearta sin a bhaineann le hinrochtaineacht agus leagan agus scriosadh leordhóthanach na bplandaí uile atá inmhíolaithe nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhíolaithe, gan beann ar a suíomh, ar a núinéireacht ná ar an duine ná ar an eintiteas atá freagrach astu;

(h) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a imshrianadh.

I gcás na chéad fhomhíre, pointe (a), cuirfear tús le gníomhaíochtaí leagtha láithreach, ach i gcásanna inar aimsíodh na plandaí inmhíolaithe lasmuigh de thréimhse eitilte na lotnaide sonraithe, déanfar plandaí a leagan agus a bhaint roimh thús na chéad tréimhse eitilte eile. I gcás nach féidir stumpaí agus fréamhacha dromchla atá fréamhaithe go domhain a bhaint, cuirfear sa talamh iad go pointe 40 cm ar a laghad faoi bhun leibhéal an dromchla, nó déanfar iad a chumhdach le hábhar feithid-díonach.

2. Na suirbhéanna bliantúla oifigiúla laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall ar na láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointe 17.2 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, beidh siad bunaithe ar Threoirlínte Ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal 99 % muiníne ar a laghad.

Déanfaidh an comhlacht freagrach oifigiúil suirbhéanna bliantúla ag amanna iomchuí chun an lotnaid shonraithe a aimsiú trí chigireachtaí a dhéanamh ar phlandaí óstacha, laistigh de leithead 1 km ar a laghad ón saoráid próiseála nó cóireála.

3. I gcás gluaiseacht adhmaid shonraithe agus ábhair pacáistíochta adhmaid agus coirte lasmuigh den limistéar críochaithe agus ón gcrios inmhíolaithe isteach sa chrios maolánach, mura bhfuil aon saoráidí cóireála nó próiseála ar fáil laistigh den limistéar críochaithe, aistreofar an t-adhmad sonraithe, an t-ábhar pacáistíochta adhmaid agus an choirt go dtí an tsaoráid oiriúnach is gaire lasmuigh den limistéar críochaithe, chun cóireáil nó próiseáil láithreach a áirithiú i gcomhréir le pointí 30-32 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Déanfar an ghluaiseacht sin faoi rialú oifigiúil agus faoi choinníollacha dúnta, ar bhealach lena n-áiritheofar nach féidir leis an lotnaid shonraithe leathadh.

4. I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil go bhfuil an lotnaid shonraithe ann sa chrios maolánach, beidh feidhm dá réir sin ag Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2016/2031.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 11

Oibleagáidí tuairiscithe

1. Faoin 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile maidir leis na bearta a glacadh le linn na bliana féilire roimhe sin de bhun an Rialacháin seo agus maidir le torthaí na mbeart dá bhforáiltear in Airteagail 3 go 10.

Áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil sin:

(a) an líon samplaí arna dtógáil i gcomhréir le hAirteagal 8(2);

(b) na cúiseanna ar baineadh úsáid as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 9(4), agus na bearta a glacadh mar thoradh air.

2. Cuirfear torthaí na suirbhéanna a dhéanfar de bhun Airteagal 8 faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 12

Aisghairm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/893.

Airteagal 13

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón 1 Eanáir 2027:

(a) Airteagal 3(2);

(b) Airteagal 5(5), an dara fomhír;

(c) Airteagal 8(4);

(d) Airteagal 9(2);

(e) Airteagal 10(2).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh

AN IODÁIL

Uimhir Europhyt an limistéir chríochaithe (LC)	Crios an DA	Réigiún	Bardais nó teorannuithe riaracháin/geografacha eile
206	Crios inmhíolaithe	Marche	Cuid de na bardasachtaí seo a leanas: Ostra, Senigallia, Trecastelli, Corinaldo, Ostra Vetere, Belvedere Ostrense
	Crios maolánach		Cuid de na bardasachtaí seo a leanas: Ostra, Senigallia, Trecastelli, Corinaldo, Ostra Vetere, Belvedere Ostrense, Morro d'Alba, Montecarotto
358	Crios inmhíolaithe	Marche	Críoch iomlán na mbardas seo a leanas: Monte Urano, Rapagnano, Magliano di Tenna, Belmonte Piceno, Grottazzolina, Monte Vidon Corrado. Cuid de na bardasachtaí seo a leanas: Sant'Elpidio a Mare, Torre San Patrizio, Monte San Pietrangeli, Francavilla d'Ete, Montegiorgio, Falerone, Servigliano, Montottone, Monte Gilberto, Ponzano di Fermo, Fermo
	Crios maolánach		Críoch iomlán Porto San Giorgio Cuid de na bardasachtaí seo a leanas: Porto Sant'Elpidio, Sant'Elpidio a Mare, Montegranaro, Torre San Patrizio, Monte San Pietrangeli, Monte San Giusto, Corridonia, Francavilla d'Ete, Mogliano, Montegiorgio, Massa Fermana, Montappone,, Monsampietro Morico, Loro Piceno, Sant'Angelo in Pontano, Falerone, Penna San Giovanni, Servigliano, Monteleone di Fermo, Monsampietro Morico, Montottone, Monte Vidon Combatte, Monte Giberto, Petritoli, Ponzano di Fermo, Fermo, Monterubbiano, Lapedona, Santa Vittoria in Matenano.
866	Crios inmhíolaithe	Marche	Críoch iomlán na mbardas seo a leanas: Civitanova Marche, Montecosaro. Cuid de na bardasachtaí seo a leanas: Morrovalle, Montegranaro, Sant'Elpidio a Mare, Porto Sant'Elpidio.
	Crios maolánach		Cuid de na bardasachtaí seo a leanas: Porto Sant'Elpidio, Sant'Elpidio a Mare, Potenza Picena, Montelupone, Morrovalle, Monte San Giusto, Montegranaro.

IARSCRÍBHINN II

Teimpléid chun torthaí na suirbhéanna arna ndéanamh de bhun Airteagal 8 a thuairisciú

CUID A

1. Teimpléad chun torthaí na suirbhéanna bliantúla a thuairisciú

1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (LC)		2. Méid tosaigh an LC (ha)	3. Méid an LC (ha) agus é tugtha cothrom le dáta	4. An cur chuige (díothú nó imshrianadh)	5. Limistéar	6. Láithreáin suirbhéireachta		7. Limistéir riosca a sainaithníodh	8. Limistéir riosca a ndearnadh cigireacht orthu	9. Ábhar plandaí / Tráchtearra	10. Liosta de na speicis plandaí óstacha	11. Uainiú	12. Sonraí an tsuirbhé									13. An líon samplaí a raibh siomptóim orthu a ndearnadh anailís orthu: i: Iomlán ii: Dearfach iii: Diúltach iv: Neamhchinntithe				14. An líon samplaí nach raibh siomptóim orthu a ndearnadh anailís orthu: i: Iomlán ii: Dearfach iii: Diúltach iv: Neamhchinntithe				15. Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún [1]		16. Nótaí
													A) An líon scrúduithe amhairc																					
													B) An líon iomlán samplaí a tógadh																					
													C) Na cineálacha gaistí (nó modh malartach eile (e.g. líonta scuabtha))																					
													D) An líon gaistí (nó modh gabhála eile)																					
													E) An líon láithreán gaisteoireachta, nuair nach ionann é agus na sonraí a tuairiscíodh in (D)																					
													F) An cineál tástálacha (e.g. sainaithint mhicreascópach, ISP, ELISA, etc.)																					
													G) An líon iomlán tástálacha																					
													H) Bearta eile (e.g. madraí bolaíochta, ladrainn, héileacaptair, feachtais ardaithe feasachta etc.)																					
													I) An líon beart eile																					
Ainm	An dáta bunaithe					Tuairisc	Uimhir						A	B	C	D	E	F	G	H	I	i	ii	iii	iv	i	ii	iii	iv	Uimhir	Dáta	

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj).

2. Treoracha maidir leis an teimpléad a líonadh isteach

Má líontar isteach an teimpléad seo, níl an teimpléad i gCuid B den Iarscríbhinn seo le líonadh isteach.

Le haghaidh cholún 1: Tabhair ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (DA) seo a shainaithint mar aon le dáta a bhunaithe.

Le haghaidh cholún 2: Tabhair méid an DA roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Tabhair méid an DA i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú nó Imshrianadh. Úsáid an oiread rónna agus is gá, ag brath ar an líon DAnna in aghaidh na lotnaide agus na cineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an DA ina ndearnadh an suirbhé, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá: Crios ionfhabhtaithe (CI) nó crios maolánach (CM), i rónna ar leith. Nuair is infheidhme, sonraigh limistéar an CI ina ndearnadh an suirbhé (e.g. i bhfoisceacht 20 km den CM, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) ar rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Tabhair líon agus tuairisc na suíomhanna suirbhéireachta, trí cheann amháin de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:

1. Faoin aer (limistéar táirgeachta): 1.1. gort (arúil, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois;

2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdín príobháideach; 2.2. láithreáin phoiblí; 2.3. limistéar caomhnaithe; 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad; 2.5. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála);

3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil: 3.1. teach gloine; 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).

Le haghaidh cholún 7: Sonraigh cé na limistéir riosca a shainaithnítear ar bhonn bhitheolaíocht na lotnaide nó na lotnaidí, láithreacht plandaí óstacha, dálaí éicea-aeráide agus suíomhanna riosca.

Le haghaidh cholún 8: Tabhair na limistéir riosca a áiríodh sa suirbhé, ó na cinn sin a sainaithníodh i gcolún 7.

Le haghaidh cholún 9: Tabhair plandaí, torthaí, síolta, ithir, ábhar pacáistíochta, adhmad, innealra, feithiclí, uisce, eile, agus an cás ar leith á shonrú.

Le haghaidh cholún 10: Sonraigh an liosta speiceas/géineas plandaí a ndearnadh suirbhé orthu, agus úsáid á baint as ró amháin in aghaidh an speicis/an ghéinis planda.

Le haghaidh cholún 11: Tabhair na míonna den bhliain a ndearnadh an suirbhé lena linn.

Le haghaidh cholún 12: Tabhair mionsonraí an tsuirbhé, ag brath ar cheanglais dlí shonracha gach lotnaide. Sonraigh le N/B an cás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme.

I gcás cholúin 13 agus 14: Tabhair na torthaí, más infheidhme, agus an fhaisnéis atá ar fáil á tabhairt sna colúin chomhfhreagracha. Is éard is “neamhchinntithe” ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte - neamh-shainaitheanta, sean).

Le haghaidh cholún 15: Tabhair fógraí ráigeanna na bliana ina ndearnadh an suirbhé le haghaidh torthaí sa CM. Ní gá an uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an brath ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nár soláthraíodh an fhaisnéis sin i gcolún 16 (‘Nótaí’).

CUID B

1. **Teimpléad chun tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí na suirbhéanna bliantúla a dhéantar ar bhonn staidrimh**

1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (LC)		2. Méid tosaigh an LC (ha)	3. Méid an LC (ha) agus é tagtha cothrom le dáta	4. Cur chuige	5. Limistéar	6. Láithreáin suirbhéireachta		7. Úainiú	A. Sainiú an tsuirbhé (paraiméadair ionchuir le haghaidh RiBESS+)													B. Iarracht samplála							C. Torthaí an tsuirbhé							25. Nótaí
									8. Spriocphobal			9. Aonaid eipidéimeolaíocha		10. Modhanna braite				11. Éifeachtacht na samplála	12. Ídiúnaíocht an mhodha	13. Tosca riosca (gníomhaíochtaí, suíomhanna agus limistéir)					14. An líon aonad eipidéimeolaíoch a ndearnadh cigireacht orthu	15. An líon scrúduithe amháin	16. An líon samplaí	17. An líon gasúr	18. An líon láithreán gasteoireachta	19. An líon tástálacha	20. An líon beart eile	21. Torthaí			22. Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715		23. An tAthbhéil Múinte a baineadh amach	24. Leitheadúlacht dearaidh	
Ainm	An dáta bunaithe					Tuairisc	Uimhir		Speiceas óstach	Achar fhs nó aonad eile atá níos ábhartha)	Aonad chigireachta	Tuairisc	Aonaid	Scrúdaithe amháire	Gasteoireacht	Tástáil	Modhanna eile			Fachtóir riosca	Leibhéil riosca	An líon suíomhanna	Rioscaí coibhneasta	Cion an phobail ósaigh							Dearfach	Diúltach	Neamhchinnteithe	Uimhir	Dáta			

2. **Treoracha maidir leis an teimpléad a líonadh isteach**

Mínigh na toimhdí bunúsacha le haghaidh dhearadh an tsuirbhé i leith gach lotnaide. Déan achoimre orthu seo a leanas agus tabhair údar leo:

— an spriocphobal, an t-aonad eipidéimeolaíoch agus na haonaid chigireachta;

— an modh braite agus íogaireacht an mhodha;

— an toisc riosca nó na tosca riosca, agus sonraigh na leibhéil riosca agus na rioscaí coibhneasta comhfhreagracha agus cion an phobail plandaí óstacha.

Le haghaidh cholún 1: Tabhair ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (DA) seo a shainaithint mar aon le dáta a bhunaithe.

Le haghaidh cholún 2: Tabhair méid an DA roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Tabhair méid an DA i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú nó Imshrianadh. Úsáid an oiread rónna agus is gá, ag brath ar an líon DAnna in aghaidh na lotnaide agus na cineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an DA ina ndearnadh an suirbhé, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá: Crios ionfhabhtaithe (IZ) nó crios maolánach (BZ), i rónna ar leith. I gcás inarb infheidhme, sonraigh limistéar an CI ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh in aice leis an CM, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Tabhair líon agus tuairisc na suíomhanna suirbhéireachta, trí cheann amháin de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:

1. Faoin aer (limistéar táirgeachta): 1.1. gort (arúil, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois;

2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdín príobháideach; 2.2. láithreáin phoiblí; 2.3. limistéar caomhnaithe; 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad; 2.5. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála);

3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil: 3.1. teach gloine; 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).

Le haghaidh cholún 7: Tabhair na míonna den bhliain a ndearnadh na suirbhéanna lena linn.

Le haghaidh cholún 8: Tabhair an spriocdhaonra roghnaithe agus liosta na speiceas/na ngéineas óstach agus an limistéar a clúdaíodh á dtabhairt dá réir sin. Sainmhínítear an spriocphobal mar iomlán na n-aonad cigireachta. Is iondúil go sainítear a mhéid ina heicteáir i gcás limistéir thalmhaíochta, ach d'fhéadfadh sé gur lotaí, páirceanna, tithe gloine etc. a bheadh i gceist. Tabhair údar leis an rogha a rinneadh sna toimhdí foluiteacha. Tabhair na haonaid chigireachta a ndearnadh suirbhé orthu. Ciallaíonn "aonad cigireachta" plandaí, codanna plandaí, tráchtearraí, ábhair, veicteoirí lotnaidí a ndearnadh grinnscrúdú orthu chun na lotnaidí a shainaithint agus a bhrath.

Le haghaidh cholún 9: Sonraigh na haonaid eipidéimeolaíocha a ndearnadh suirbhé orthu, agus sonraigh tuairisc agus aonad tomhais na n-aonad sin. Ciallaíonn 'aonad eipidéimeolaíoch' limistéar aonchineálach ina mbeadh an eipidéimeolaíocht chéanna mar thoradh ar na hidirghníomhaíochtaí idir an lotnaid, na plandaí óstacha agus na tosca agus na dálaí aibitheacha agus bitheacha, dá mbeadh an lotnaid i láthair. Is fo-rannán den spriocphobal iad na haonaid eipidéimeolaíocha atá ar aon chineál ó thaobh na heipidéimeolaíochta de le planda óstach amháin ar a laghad. I gcásanna áirithe, féadfar an pobal óstach iomlán i réigiún/limistéar/tír a shainiú mar aonad eipidéimeolaíoch. D'fhéadfadh sé gur réigiúin iad um aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS), limistéir uirbeacha, foraoisí, gairdíní róis nó feirmeacha, nó heicteáir. Ní mór údar a thabhairt sna toimhdí bunúsacha le rogha na n-aonad eipidéimeolaíoch.

Le haghaidh cholún 10: Tabhair na modhanna a úsáideadh le linn an tsuirbhé, an líon gníomhaíochtaí i ngach cás san áireamh, ag brath ar cheanglais dlí shonracha gach lotnaide. Sonraigh le N/B i gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis i gcolún áirithe.

Le haghaidh cholún 11: Tabhair meastachán ar éifeachtacht na samplála. Ciallaíonn éifeachtacht na samplála an dóchúlacht go roghnófaí codanna planda ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe. I gcás veicteoirí, is é atá inti éifeachtacht an mhodha chun veicteoir deimhneach a ghabháil nuair is ann dó i limistéar an tsuirbhé. I gcás ithreach, is é atá inti an éifeachtacht lena roghnaítear sampla ithreach ina bhfuil an lotnaid nuair a bhíonn an lotnaid i láthair i limistéar an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 12: Ciallaíonn "íogaireacht an mhodha" an dóchúlacht go roghnófaí modh chun láithreacht lotnaide a bhrath i gceart. Sainmhínítear íogaireacht an mhodha mar an dóchúlacht gur toradh deimhneach a bheith ar thástáil ar óstach atá deimhneach i ndáiríre. Is é atá inti éifeachtacht na samplála (i.e. an dóchúlacht go roghnófar codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe) arna hiolrú faoin íogaireacht dhiagnóiseach (arna saintréithriú tríd an gcigireacht amhairc agus/nó an tástáil saotharlainne a úsáidtear sa phróiseas sainaitheantais).

Le haghaidh cholún 13: Tabhair na tosca riosca i rónna éagsúla, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá. I gcás gach toisce riosca, tabhair an leibhéal riosca agus riosca agus cion coibhneasta comhfhreagrach an phobail óstaigh.

Le haghaidh cholún B: Tabhair mionsonraí an tsuirbhé, ag brath ar cheanglais dlí shonracha gach lotnaide. Sonraigh le N/B an cás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme. Tá baint ag an bhfaisnéis atá le soláthar sna colúin sin leis an bhfaisnéis i gcolún 10 "Modhanna an bhraite".

Le haghaidh cholún 18: Sonraigh an líon láithreán gaisteoireachta i gcás nach ionann an líon sin agus an líon gaistí (colún 17) (e.g. úsáidtear an gaiste céanna in áiteanna éagsúla).

Le haghaidh cholún 21: Tabhair an líon samplaí a raibh toradh deimhneach, diúltach nó éiginnte acu. Is éard is "neamhchinntithe" ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte - neamh-shainaitheanta, sean).

Le haghaidh cholún 22: Sonraigh na fógraí faoi ráigeanna ón mbliain ina ndearnadh an suirbhé. Ní gá an uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an brath ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nár soláthraíodh an fhaisnéis sin i gcolún 25 ('Nótaí').

Le haghaidh cholún 23: Sonraigh íogaireacht an tsuirbhé, mar a shainmhínítear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta (ISPM) 31. Luach sin an leibhéil muiníne a bhaintear amach maidir le saoirse lotnaidí, déantar é a ríomh bunaithe ar na scrúduithe (agus/nó samplaí) a dhéantar i bhfianaise íogaireacht an mhodha agus na leitheadúlachta dearaidh.

Le haghaidh cholún 24: Tabhair leitheadúlacht an dearaidh bunaithe ar mheastachán réamhshuirbhé ar leitheadúlacht iarbhír dhóchúil na lotnaide sa ghort. Socraítear an leitheadúlacht dearaidh mar sprioc i leith an tsuirbhé agus freagraíonn sí don chomhréiteach atá á dhéanamh ag na bainisteoirí riosca idir an riosca go mbeidh an lotnaid ann agus na hacmhainní atá ar fáil don suirbhé. De ghnáth, socraítear luach 1 % le haghaidh suirbhé braite.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1952/oj